Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2024/2029(DEC)

10.2.2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

ar urscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023
(2024/2029(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Tomáš Zdechovský

PA_NonLegDec

TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag tabhairt dá haire, i gcomparáid le 2022, gur tháinig méadú beagnach faoi dhó ar líon cásanna Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) in 2023, a shroich suas le 1 927 n-imscrúdú ghníomhacha; ag moladh ghníomhaíochtaí torthúla OIPE in 2023, a d'fholaigh 139 ndíotáil, 339 gcás a bhain le CBL agus os cionn 200 imscrúdú ar chur chun feidhme NextGenerationEU; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur thosaigh OIPE ag tabhairt níos mó déantóirí calaoise AE os comhair na gcúirteanna náisiúnta;

2. ag moladh an dlúthchomhair idir OIPE agus an Chúirt Iniúchóirí, go háirithe maidir le haon amhras faoi chionta coiriúla a thagann faoina hinniúlacht a bhrath agus lena mbaineann Ballstáit rannpháirteacha;3. á chur in iúl gur geal léi an méadú ar leithreasuithe do bhuiséad OIPE in 2023, arb ionann é agus EUR 64,6 milliún san iomlán, a lamháil méadú 11% ar an bhfoireann sa bhliain sin; á aithint go meastar go gcuirfidh dlús le heisíocaíocht chistiú NextGenerationEU an méadú tapa ar ualach oibre OIPE – agus méadú 70 % ar chásanna agus méadú 58 % ar na himscrúduithe ó 2022 go 2023 – agus go gcuirfidh leathnú a bhallraíochta brú breise ar a acmhainní; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cistiú breise agus a fhoireann a neartú chun cur ar chumas OIPE an choireacht eagraithe a chomhrac go héifeachtach, leasanna airgeadais AE a chosaint, agus seasamh leis an smacht reachta, ar príomhthosaíochtaí de chuid AE iad; á chur in iúl gur oth léi nach leor an togra ón gCoimisiún maidir le buiséad 2025 OIPE agus seasamh na Comhairle chun acmhainní leordhóthanacha a áirithiú don ghníomhaireacht chun a sainordú a chomhlíonadh; á chur i bhfáth go ngineann OIPE torthaí suntasacha airgeadais don Aontas, rud a léiríodh le hurghabháil EUR 1.5 billiún in 2023, agus á iarraidh go dtiocfadh méadú tiomnaithe ar chistiú laistigh den chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-2034 eile chun a áirithiú gur féidir leis leanúint dá chuspóirí agus dá oibleagáidí a chomhlíonadh;

4. ag aithint a thábhachtaí atá sé cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh chun coireacht an bhóna bháin a chomhrac, amhail an chalaois agus an t-éilliú, agus cineálacha coireachta níos traidisiúnta, amhail gáinneáil ar dhrugaí agus gáinneáil ar dhaoine, ós minic a bhíonn siad nasctha le chéile; á mheabhrú gur cheart don Choimisiún, ina thuarascáil mheastóireachta atá le teacht, anailís chúramach a dhéanamh ar cad iad na catagóirí coireanna is gá sainordú OIPE a leathnú chucu chun go mbeidh sé in ann a ról a chomhlíonadh ar an mbealach is fearr; idir an dá linn, ba cheart tacú le hinniúlacht reatha OIPE imscrúdú a dhéanamh ar choireacht eagraithe agus ar sciúradh airgid, nuair a bhíonn baint aici le calaois a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, trí acmhainní leormhaithe agus trí chomhar éifeachtúil le Europol, agus anailís a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le hoibríochtaí agus imscrúduithe OIPE éirí níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí, agus togra reachtach a thíolacadh chun gabháil leis an meastóireacht; ag meabhrú phleananna an Choimisinéara McGrath, i ndáil leis sin, dlús a chur leis an meastóireacht;

5. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról ríthábhachtach ag aisghabháil sócmhainní le linn bac inchreidte a chruthú ar an gcoireacht eagraithe; á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht

OIPE i líonraí idirnáisiúnta chun a oibríochtaí aisghabhála sócmhainní a chur chun cinn tuilleadh; á chur i bhfáth gur gá don Choimisiún a iarraidh ar OIPE páirt a ghlacadh sa líonra comhair nuachruthaithe maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní; ag tabhairt dá haire gur féidir le himscrúdú agus ionchúiseamh tráthúil agus éifeachtach coireanna a bhaineann le calaois airgead mór a shábháil do bhuiséad an Aontais agus do bhuiséid na mBallstát;

6. ag cur béim ar an ról tábhachtach atá ag OIPE i gcur chuige an Aontais chun an t-éilliú agus mí-úsáid chistí an Aontais a chomhrac; á chur in iúl gur díol sásaimh di go bhfuil 24 Bhallstát rannpháirteach in OIPE agus á iarraidh ar na Ballstáit eile é sin a dhéanamh chomh maith nó go ndiúltófaí an fhéidearthacht dóibh cistí AE a bhainistiú go hindíreach; á iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar leibhéal comhair na mBallstát le OIPE i dtuarascálacha ina dhiaidh sin agus leanúint d'idirphlé gníomhach a dhéanamh leis na Ballstáit neamh-rannpháirteacha chun OIPE a éascú go héifeachtach le linn a chúraimí a chur i gcrích; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart idirphlé den sórt sin a bheith ar siúl leis na Ballstáit atá rannpháirteach cheana in OIPE maidir le dul i ngleic le deacrachtaí a bhaineann le sáruithe ar an smacht reachta agus éilliú a chomhrac agus tacú leo na moltaí i ndáil leis sin a chur chun feidhme go praiticiúil sna tuarascálacha bliantúla ar an smacht reachta; á athdhearbhú, áfach, go n-iarrann Parlaimint na hEorpa gur cheart ballraíocht OIPE a bheith ina réamhchoinníoll chun cistí AE a fháil agus gur gá sainordú OIPE a leathnú; á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht na Sualainne agus na Polainne in OIPE, a deimhníodh i mí Eanáir agus i mí Iúil 2024 faoi seach;

7. á chur in iúl gur geal léi gur ceapadh 8 nIonchúisitheoir Eorpacha nua agus 35 Ionchúisitheoir Tharmligthe Eorpacha nua chun OIPE in 2023; á athdhearbhú nach féidir le OIPE a ról a chomhlíonadh ach amháin má bhíonn neamhspleáchas breithiúnach iomlán aige, a eascraíonn as nós imeachta ceapacháin atá bunaithe ar fhiúntas agus atá oibiachtúil; ag spreagadh na mBallstát rannchuidiú le neamhspleáchas iomlán OIPE i ndáil leis sin;

8. ag spreagadh comhar leanúnach agus feabhsaithe idir OIPE agus OLAF, i gcomhréir lena rialacháin faoi seach, agus oibleagáid OLAF amhras faoi theagmháil choiriúil a thuairisciú do OIPE, gan moill mhíchuí, chun go mbeidh sé in ann dul i ngleic le calaois, éilliú agus coireacht airgeadais a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais; ag tacú le tuilleadh forbartha ar thionscnaimh chomhpháirteacha, ar chomhroinnt faisnéise agus ar ghníomhaíochtaí comhordaithe idir OIPE agus OLAF, ó tá an comhar sin ríthábhachtach chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus comhrac an Aontais i gcoinne na coireachta airgeadais a neartú agus chun úsáid éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní an Aontais a áirithiú.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir, faoina fhreagracht eisiach, nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine a luadh cheana san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH DE RÉIR COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	6.2.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+: 46 –: 13 0: 1
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, Giuseppe Antoci, Jaume Asens Llodrà, Nikola Bartůšek, Krzysztof Brejza, Saskia Bricmont, Jaroslav Bžoch, Veronika Cifrová Ostrihoňová, Lena Düpont, Marieke Ehlers, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Branko Grims, Evin Incir, Irena Joveva, Erik Kaliňák, Marina Kaljurand, Fabienne Keller, András László, Juan Fernando López Aguilar, Erik Marquardt, Michael McNamara, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Petra Steger, Cecilia Strada, Georgiana Teodorescu, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Charlie Weimers, Sophie Wilmès, Alessandro Zan, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Fredis Beleris, David Casa, Sigrid Friis, Markéta Gregorová, Hannah Neumann, Gaetano Pedulla', Sandro Ruotolo, Oliver Schenk, Alexander Sell, Bartłomiej Sienkiewicz, Malika Sorel, António Tânger Corrêa, Marco Tarquinio, Pekka Toveri, Loránt Vincze, Petar Volgin, Axel Voss, Michał Wawrykiewicz, Lucia Yar
Feisirí faoi Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Bart Groothuis, Rima Hassan, Anja Hazekamp, Pär Holmgren, Sérgio Humberto, Evelyn Regner, Carla Tavares, Ingeborg Ter Laak

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

46	+
EPP	Magdalena Adamowicz, Fredis Beleris, Krzysztof Brejza, David Casa, Lena Düpont, Branko Grims, Sérgio Humberto, Oliver Schenk, Bartłomiej Sienkiewicz, Ingeborg Ter Laak, Pekka Toveri, Loránt Vincze, Axel Voss, Michał Wawrykiewicz, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
Renew	Veronika Cifrová Ostrihoňová, Sigrid Friis, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Bart Groothuis, Irena Joveva, Fabienne Keller, Michael McNamara, Sophie Wilmès, Lucia Yar
S&D	Evin Incir, Marina Kaljurand, Juan Fernando López Aguilar, Evelyn Regner, Sandro Ruotolo, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Cecilia Strada, Marco Tarquinio, Carla Tavares, Alessandro Zan
An Chlé	Giuseppe Antoci, Rima Hassan, Anja Hazekamp, Gaetano Pedulla'
Na Glasaigh/SCE	Jaume Asens Llodrà, Saskia Bricmont, Markéta Gregorová, Pär Holmgren, Erik Marquardt, Hannah Neumann

13	-
ECR	Charlie Weimers
ENC	Alexander Sell, Milan Uhrík, Petar Volgin
NI	Erik Kaliňák
TdE	Nikola Bartůšek, Jaroslav Bžoch, Marieke Ehlers, András László, Malika Sorel, Petra Steger, António Tânger Corrêa, Tom Vandendriessche

1	0
ECR	Georgiana Teodorescu

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh